Séideán Sí



# Fite Fuaite



F



**LEABHAR AN DALTA F**

Fite Fuaite.indd 1 27/02/2014 15:31

Fite Fuaite.indd 2 27/02/2014 15:31

# Fite Fuaite

**Leabhar An Dalta F**

An Gúm
Baile Átha Cliath

An chéad eagrán 2008

© An Roinn Oideachais agus Scileanna / Foras na Gaeilge, 2008

Athchló 2010, 2014, 2018

Dearthóirí Áiseanna Teagaisc na Gaeilge a scríobh

Dearadh agus leagan amach: Designit

Obair ealaíne: Aelorae Qahlwyn, Aongus Ó Coileáin, Martin Fagan,
Peter Donnelly, Steve Simpson, The Cartoon Saloon

PB Print a chlóbhuail in Éirinn

ISBN 978-1-85791-726-0

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Baineann an saothar seo le scéim Dhearthóirí Áiseanna Teagaisc na Roinne Oideachais agus Scileanna atá ann chun áiseanna Gaeilge a sholáthar do na bunscoileanna Gaeltachta agus do na bunscoileanna lán-Ghaeilge.

*Foilseacháin an Ghúim a cheannach*

Siopaí
*An Siopa Leabhar (01) 478 3814*
*An Siopa Gaeilge (074) 973 0500*
*An Ceathrú Póilí (028) 90 322 811*

Ar líne
*www.litriocht.com*
*www.siopagaeilge.ie*
*www.cnagsiopa.com*
*www.siopa.ie*
*www.cic.ie*
*www.iesltd.ie*

**An Gúm, Foras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1**

# Clár

| | Leathanach |
|---|---|
| Súil Ghéar | 1 |
| Ceist agam ort! | 2 |
| Imithe ar Strae | 3 |
| Logainmneacha na hÉireann | 4 |
| Cé chomh minic is a dhéanann tú na rudaí seo thíos? | 5 |
| An Fhuaim ‘**é**’ | 6 |
| Cad a dúirt Doireann? | 7 |
| Doireann Bhocht | 8 |
| Ceist agam ort! | 9 |
| An bhfuil sé istigh nó amuigh? | 10 |
| Sa Bhaile – Peataí: Focail agus Nathanna | 11 |
| Athúsáid agus Athchúrsáil | 12 |
| Mise mé féin agus cé hé tusa? | 13 |
| Na cnuaschonsain ina bhfuil ‘**r**’ | 14 |
| Ceist agam ort! | 15 |
| An Scoil – Athchúrsáil: Focail agus Nathanna | 16 |
| Seanfhocal | 17 |
| An Teilifís: Focail agus Nathanna | 18 |
| Ag an bPictiúrlann | 19 |
| Forbairt Stór Focal | 20 |
| Scannáin | 21 |
| Drochlá Dhaid | 22 |
| Daoine ag Gearán | 23 |
| Tomhas | 24 |
| Caitheamh Aimsire – An Phictiúrlann: Focail agus Nathanna | 25 |
| Crosfhocal | 26 |
| Na cnuaschonsain ina bhfuil ‘**l**’ | 28 |
| Poncaíocht | 29 |
| Leithscéalta! | 30 |
| Oíche na Féile Bríde | 31 |
| Cros Bhríde | 32 |
| Ócáidí Speisialta – Lá Fhéile Bríde: Focail agus Nathanna | 33 |
| Tabhair Treoir | 34 |
| Daideo Fhionnáin | 35 |
| Aidiachtaí | 36 |

| | Leathanach |
|---|---|
| An Séimhiú | 38 |
| Foirm Iarratais | 39 |
| ‘Is ea’ nó ‘Ní hea’? | 40 |
| Focail ina bhfuil ‘**-ach**’, ‘**-ón**’, ‘**-án**’ agus ‘**-ín**’ | 41 |
| Fógra | 42 |
| Cum Ceisteanna | 43 |
| Fógra | 44 |
| Cárta Comhbhróin | 45 |
| Mé Féin: Focail agus Nathanna | 46 |
| Seanfhocal | 47 |
| Deirí na bhFocal ‘**ún**’ | 48 |
| Forbairt Stór Focal | 49 |
| Céimeanna Comparáide | 50 |
| Liostaí | 51 |
| Bia: Focail agus Nathanna | 52 |
| An Turas Scoile | 53 |
| Crosfhocal | 54 |
| Turas chuig Oileán Mhic Eoin | 56 |
| Teachtaireacht Ríomhphoist | 57 |
| Logainmneacha na hÉireann | 58 |
| Samhlacha | 59 |
| Cois Farraige | 60 |
| An Diabhal Aimsir! | 61 |
| Rann Traidisiúnta | 62 |
| Logainmneacha na hÉireann | 63 |
| An Aimsir: Focail agus Nathanna | 64 |
| Cuir i gcuimhne dom! | 65 |
| Gairmeacha Beatha | 66 |
| Tóraíocht Focal | 67 |
| Cum Dán | 68 |
| Poncaíocht | 69 |
| Forbairt Stór Focal | 70 |
| Litriú | 71 |
| Siopadóireacht / Éadaí – An Bhainis: Focail agus Nathanna | 72 |

# Súil Ghéar

1. Féach ar an bpictiúr seo ar feadh leathnóiméid. Tabhair faoi deara na rudaí ar fad atá ann.



2. Anois clúdaigh an pictiúr agus scríobh gach rud is cuimhin leat a bheith ann.

Chuimhnigh mé ar ☐ rud.

Cuir do liosta i gcomparáid le liosta do pháirtí.

# Ceist agam ort!

Cad?
Céard?
Cad é?

Cén fáth?
Cad ina thaobh?
Cad chuige?

Cé leis?

An raibh?

An ndúirt?

Cé?
Cén duine?

Cá?
Cá háit?


Doireann


Mamaí Dhoireann


Daidí Dhoireann

1. An cuimhin leat an scéal faoi Dhoireann agus a peata nua? Murar cuimhin éist leis arís ar an dlúthdhiosca. Cum sé cheist faoin scéal agus scríobh anseo iad.

a. ______________________________

______________________________

b. ______________________________

______________________________

c. ______________________________

______________________________

d. ______________________________

______________________________

e. ______________________________

______________________________

f. ______________________________

______________________________


Rónán


Mise?


Mise?

2. Seiceáil go bhfuil na ceannlitreacha agus na comharthaí ceiste sna háiteanna cearta agat. Ansin cuir na ceisteanna ar do pháirtí. Freagraíodh do pháirtí thú ó bhéal.



Fite Fuaite.indd 2 27/02/2014 15:31

# Imithe ar Strae

1. Léigh an fógra.

**Imithe ar Strae**

Ainm: Sciob
Cur síos: Madra beag donn le coiléar gorm
Feicthe go deireanach ar Shráid na Cé ag am lóin 25 Feabhra.

Má fheiceann tú Sciob cuir glaoch ar Dhoireann ag 081 3345621.



2. Scríobh dréacht d'fhógra ar leathanach eile faoi pheata a d'imigh ar strae. Taispeáin do do pháirtí é agus iarr comhairle air. Déan eagarthóireacht, athdhréachtú agus profú ar an bhfógra. Nuair atá tú sásta leis scríobh anseo é.

3. Léigh agus pléigh é seo.



# Logainmneacha na hÉireann

Tosaíonn cuid mhaith de logainmneacha na hÉireann leis an bhfocal 'Baile'. Aimsigh logainmneacha a thosaíonn leis an bhfocal 'Baile' ar léarscáil na hÉireann agus scríobh anseo iad.





An bhfuil logainmneacha i gcomharsanacht na scoile nó an bhaile a thosaíonn leis an bhfocal 'Baile'? Má tá scríobh anseo iad.



Fite Fuaite.indd 4 27/02/2014 15:31

# Cé chomh minic is a dhéanann tú na rudaí seo thíos?

| | | |
|---|---|---|
| anois is arís | uair sa lá | uair sa tseachtain |
| cúpla uair sa tseachtain | uair sa mhí | cúpla uair sa mhí |
| uair sa bhliain | go minic | cúpla uair sa bhliain |
| gach deireadh seachtaine | gach lá | go mion minic |

1. Pioc nath as an mbosca le scríobh sna spásanna.

Téim go dtí an fiaclóir ______

Téim amach ag siúl ______

Glaoim ar mo chara ______

Cabhraím sa bhaile ______

Glanaim mo sheomra codlata ______

Léim leabhar ______

Imrím cluiche ______

Tugaim cuairt ar an leabharlann ______

Ceannaím bronntanas do mo thuismitheoirí ______

Bím dána ______

Scríobhaim chuig Daidí na Nollag ______

Beathaím mo pheata ______

Ním mo ghruaig ______

Déanaim m'obair bhaile ______

Siúlaim ar scoil ______







2. Ar thug tú na patrúin éagsúla faoi deara i ndeireadh na mbriathra san aimsir ghnáthláithreach? Dathaigh na patrúin ar leith.

3. Anois léigh leathanach do pháirtí.

Cé mhéad freagra a bhí mar an gcéanna? [ ]








# An Fhuaim '**é**'

1. An cuimhin leat an fhuaim atá le '**é**'? Scríobh ceithre fhocal a bhfuil '**é**' iontu.




**Sciob ar Strae**

Le Doireann Nic Aodha

Tá mo mhadra Sciob imithe ar strae  
An bhfaca éinne agaibhse é?  
Bhailigh sé leis tráthnóna inné,  
Ó Shráid na Cé i mBaile Uí Shé.  
Bímse ag gol i rith an lae  
Le briseadh croí. Och, mo léan!  
Dath donn atá air agus coiléar gorm,  
Má fheiceann tú é glaoigh orm.

2. Léigh an dán os ard. Scríobh na focail sa dán a bhfuil '**é**' iontu.

3. Anois cuir na focail in ord aibítre.

4. Cuir trí cinn de na focail in abairtí.

5. An mó focal is féidir leat a dhéanamh as na litreacha atá san fhocal '**tráthnóna**'? Scríobh anseo iad.



Fite Fuaite.indd 6 27/02/2014 15:31



Tá mo mhadra imithe ar strae.

Dúirt Doireann go raibh a madra imithe ar strae.



'Tá mo mhadra imithe ar strae,' arsa Doireann.
Dúirt Doireann go raibh a madra imithe ar strae.

Tá caint dhíreach sa chéad abairt.
Tá caint indíreach sa dara habairt.

1. Cuir 'Dúirt Doireann' roimh gach abairt acu seo thíos.
   a. 'Bhailigh sé leis tráthnóna inné,' a dúirt Doireann.
      Dúirt Doireann ______________________________
   b. 'Bímse ag gol i rith an lae,' arsa Doireann.
      ______________________________
   c. 'Dath donn atá air,' arsa Doireann.
      ______________________________

Ar thug tú an chamóg agus na comharthaí cainte faoi deara sa chaint dhíreach?

2. Anois cum agus scríobh scéilín nó dán faoi pheata a d'imigh ar strae.

Teideal: ______________



______________________________
______________________________
______________________________
______________________________
______________________________
______________________________
______________________________
______________________________
______________________________



Fite Fuaite.indd 7 27/02/2014 15:31

# Doireann Bhocht

1. Léigh é seo thíos agus críochnaigh an sceitse.

   Bhí Sciob imithe ar strae agus bhí Doireann bhocht ag olagón. B'fhada léi go mbuailfeadh an fón. Ar deireadh thiar thall bhuail an fón ar a naoi a chlog.

   Cailín: Mise Bróna. Ba mhaith liom labhairt le Doireann, más é do thoil é.

   Doireann: Mise Doireann.

   Cailín: Léigh mé an fógra sa siopa nuair a bhí mé istigh ann ag am lóin.

   ______________________________

   ______________________________

   ______________________________

   ______________________________

   ______________________________

2. Anois léigh sceitse do pháirtí. Roghnaígí páirt an duine agus léigí bhur sceitsí go drámata.

3. Ar thug tú faoi deara go bhfuil focail i dtús an sceitse thuas a bhfuil '**-ón**' iontu? Cuir líne fúthu. Scríobh ceithre fhocal eile anseo a bhfuil '**-ón**' iontu.

   __________ __________ __________ __________

## Seanfhocal

4. Léigh agus pléigh an seanfhocal.




Ceapaim go bhfuil ciall leis ☐ / nach bhfuil ciall leis ☐ an seanfhocal mar

______________________________

An raibh an tuairim chéanna ag do pháirtí? Bhí ☐ Ní raibh ☐

# Ceist agam ort!

Cad?
Céard?
Cad é?

Cén fáth?
Cad ina thaobh?
Cad chuige?

Cé leis?

An raibh?

An ndúirt?

Cé?
Cén duine?

Cá?
Cá háit?

1. An cuimhin leat an sceitse faoi Dhoireann i bpóna na madraí? Murar cuimhin éist leis arís ar an dlúthdhiosca. Cum ceisteanna faoi agus scríobh anseo iad.

a. ______

b. ______

c. ______

d. ______

e. ______

f. ______

2. Seiceáil go bhfuil na ceannlitreacha agus na comharthaí ceiste sna háiteanna cearta agat. Ansin cuir na ceisteanna ar do pháirtí. Freagraíodh do pháirtí thú ó bhéal.



Fite Fuaite.indd 9 27/02/2014 15:31

# An bhfuil sé istigh nó amuigh?



ag dul amach



amuigh



ag teacht isteach



istigh

1. Léigh na habairtí agus scríobh an focal ceart sna spásanna.
   a. I bpóna na madraí bhí na madraí móra ______________ sa chlós.
   b. Bhí an coileán beag ______________ sa bhothán.
   c. D'iarr Rónán ar Dhoireann agus ar a tuismitheoirí teacht ______________ sa bhothán chun go bhfeicfidís an coileán.
   d. Dúirt Doireann go mbeadh sí ag dul ______________ ag siúl leis an gcoileán gach lá.

Scríobh abairt de do chuid féin anseo a bhfuil an focal 'amuigh' inti.

______________________________________________

Scríobh abairt de do chuid féin anseo a bhfuil an focal 'istigh' inti.

______________________________________________

# Na défhoghair '**ia**' agus '**ua**'

2. Léigh na focail seo agus aimsigh sa tóraíocht focal iad.

↑ ↓ → ← ↗↙ ↖↘

| | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| b | l | N | d | ó | p | e | t | r | u | a | o | t | á | h |
| l | m | i | a | s | c | o | f | ú | o | r | n | h | l | l |
| f | ú | a | c | í | m | f | i | a | c | l | a | u | l | r |
| c | p | l | h | b | i | a | a | a | e | a | p | a | a | o |
| d | c | l | u | d | l | á | c | p | s | ó | i | s | é | s |
| s | N | u | a | l | a | c | h | n | p | c | h | b | v | á |
| í | a | á | l | t | ú | p | l | m | a | e | o | d | n | e |
| c | r | u | a | o | t | í | p | u | r | i | a | m | h | p |
| g | l | c | s | é | v | a | g | u | a | l | r | i | é | h |
| s | r | a | u | f | g | h | t | i | r | s | u | g | e | r |

| | |
|---|---|
| iall | suas |
| mias | gual |
| grian | cluas |
| iasc | fuar |
| riamh | Nuala |
| bia | anuas |
| ciall | trua |
| Niall | thuas |
| fiach | chuala |
| fiacla | rua |



Fite Fuaite.indd 10 27/02/2014 15:31

# Sa Bhaile – Peataí

Focail agus nathanna a bhaineann leis an téama 'Peataí':

Focail agus nathanna a thaitníonn liom:


Focail agus nathanna a d'fhéadfainn a úsáid:



Fite Fuaite.indd 11 27/02/2014 15:31

# Athúsáid agus Athchúrsáil

1. Déan liosta de rudaí ar féidir iad a athúsáid nó a athchúrsáil. Úsáid d'fhoclóir chun an litriú a sheiceáil, más gá.




2. Anois scríobh na focail i do liosta in ord aibítre.



Anois déan comparáid idir do liosta féin agus liosta do pháirtí. An raibh mórán de na rudaí céanna agaibh?

Bhí ☐ Ní raibh ☐



Fite Fuaite.indd 12 27/02/2014 15:31

# Mise mé féin agus cé hé tusa?

1. Líon na spásanna agus críochnaigh do phróifíl.

Is mise ______________________________.

Táim i Rang a ____________ i Scoil ______________________________.

______________________________ an t-ainm atá ar mo mhúinteoir.

Táim ____________ mbliana d'aois.

Gruaig ____________ atá orm.

____________ an caitheamh aimsire is deise liom.

____________ agus ____________ na hábhair is deise liom.

____________, ____________ agus ____________ na bianna is deise liom.

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________


2. Tarraing pictiúr díot féin sa fhráma.

Síniú: ____________________

Anois léigh próifíl do pháirtí. Ar fhoghlaim tú aon rud nua faoi do pháirtí? D'fhoghlaim ☐ Níor fhoghlaim ☐

# Na cnuaschonsain ina bhfuil 'r'

1. Meaitseáil an focal leis an bpictiúr ceart.




2. Roghnaigh sé cinn de na focail thuas le foghlaim. Scríobh anseo iad.

____________ ____________ ____________

____________ ____________ ____________

Foghlaim, clúdaigh agus scríobh ar leathanach iad.

Bhí $\frac{\square}{6}$ i gceart agam.

3. Anois aimsigh focail eile i dtéacsanna difriúla a thosaíonn le

br: ____________ cr: ____________

dr: ____________ fr: ____________

gr: ____________ pr: ____________

sr: ____________ tr: ____________

## Tomhas

4. Léigh an tomhas agus oibrigh amach é.

Chuaigh mé suas an bóithrín,
Tháinig mé anuas an bóithrín,
Agus thug mé liom an bóithrín ar mo dhroim.

Leid: Is ceann de na focail i dtasc 1 é. Mura bhfuil an freagra agat féin tá sé ag do mhúinteoir.



Fite Fuaite.indd 14 27/02/2014 15:31

# Ceist agam ort!

1. An cuimhin leat an tuairisc ar an mBrat Glas? Murar cuimhin éist léi arís ar an dlúthdhiosca. Cum ceisteanna ó bhéal bunaithe ar an tuairisc le cur ar do pháirtí. Lig dó iad a fhreagairt ó bhéal.

Cad? Céard? Cad é?

Cad ina thaobh? Cad chuige? Cén fáth?

Cé leis?

An raibh?

An ndúirt?

Cé? Cén duine?

Cá? Cá háit?

## Agallamh

2. Críochnaigh an t-agallamh seo atá á chur ag iriseoir ar dhalta i Scoil Áine, scoil a bhain an Brat Glas amach. Cabhróidh na focail thuas leat.

Iriseoir: Dia duit.

Dalta: Dia is Muire duit.

Iriseoir: Mise Uinsionn Ó Domhnaill ón nuachtán *Nuacht na Seachtaine*. Cé thusa?

Dalta: Mise ______________________ .

Iriseoir: Ba mhaith liom tréaslú libh as an mBrat Glas a bhaint amach.

Dalta: Go raibh maith agat.

Iriseoir: Abair liom anois ______________________________________

3. An mó focal is féidir leat a dhéanamh as na litreacha atá san fhocal '**athchúrsáil**'? Scríobh i do chóipleabhar iad.



Fite Fuaite.indd 15 27/02/2014 15:31

# An Scoil – Athchúrsáil

Focail agus nathanna a bhaineann leis an téama 'Athchúrsáil':

Focail agus nathanna a thaitníonn liom:

Focail agus nathanna a d'fhéadfainn a úsáid:



Fite Fuaite.indd 16 27/02/2014 15:31

# Seanfhocal



1. Léigh, pléigh agus dathaigh an seanfhocal.


**Is cuid den saol an maithiúnas.**

2. Tharla achrann idir Treasa agus Aonghas. Léigh an nóta a scríobh Treasa.

> Tá aithreachas orm go raibh mé gránna leat inniu, a Aonghas. Tá súil agam go mbeidh tú mór liom arís. An dtiocfaidh tú anall chugam tráthnóna agus imreoimid cluiche.
>
> Treasa

Anois scríobh do nóta féin á rá le duine éigin go bhfuil aithreachas ort faoi rud a tharla.

3. Tabhair Aonghas go teach Threasa.



An gceapann tú go bhfuil an lúbra seo deacair?

Ceapaim go bhfuil ☐ Ceapaim nach bhfuil ☐

# An Teilifís

Focail agus nathanna a bhaineann leis an téama 'An Teilifís':


Focail agus nathanna a thaitníonn liom:

Focail agus nathanna a d'fhéadfainn a úsáid:

# Ag an bPictiúrlann

1. An cuimhin leat an scéal faoi Shinéad agus Nollaig sa phictiúrlann? Pléigh le do pháirtí é.

2. Léigh na treoracha seo a leanas agus tarraing na rudaí breise sa phictiúr thíos.
   Tarraing cailín ina suí in oifig na dticéad.
   Cuir Daid ina sheasamh os comhair oifig na dticéad.
   Tarraing Nollaig agus Sinéad taobh thiar de Dhaid.
   Scríobh an focal 'Siopa' os cionn an tsiopadóra.
   Tarraing póstaer de scannán ar an mballa idir doras na pictiúrlainne agus an siopa.
   Tarraing bosca bruscair faoin bpóstaer.
   Cuir tóirse i lámh an fhreastalaí ag doras na pictiúrlainne.



3. Seo focail as na treoracha i dtasc 2. Oibrigh amach iad.

| ncnásna | so ahocimr | botah ahirt | asbco sircbaru |
|---|---|---|---|
| ____________ | ____________ | ____________ | ____________ |

# Forbairt Stór Focal

1. Seo abairtí as an leabhar *Ar Thóir an Toirc Bháin*. An féidir leat ciall na bhfocal sa chló trom a oibriú amach? Cuir ciorcal timpeall ar **a**, **b** nó **c** i ngach cás.
   1. **Sciorr** an torc ar na duilleoga faoin gcrann.
      a. Rith an torc ar na duilleoga faoin gcrann.
      b. Shleamhnaigh an torc ar na duilleoga faoin gcrann.
      c. Shiúil an torc ar na duilleoga faoin gcrann.
   2. Bhí Cormac **idir dhá chomhairle**.
      a. Bhí Cormac idir dhá bhaile.
      b. Ní raibh a fhios ag Cormac cad a dhéanfadh sé.
      c. Ní raibh a fhios ag Cormac cá raibh sé.
   3. Bhí Diarmaid Dubh ag fógairt ar Chormac **brostú**.
      a. Bhí Diarmaid Dubh ag fógairt ar Chormac deifriú.
      b. Bhí Diarmaid Dubh ag fógairt ar Chormac moilliú.
      c. Bhí Diarmaid Dubh ag fógairt ar Chormac a bheith ciúin.



Úsáid d'fhoclóir nó cuir ceist ar do mhúinteoir chun do fhreagraí a sheiceáil.

Bhí $\frac{\square}{3}$ i gceart agam.

2. Cuir dhá cheann de na focail atá i gcló trom i dtasc 1 in abairtí.

________________________________________


________________________________________

________________________________________


________________________________________

# Scannáin

Labhair faoi na pictiúir le do rang. Scríobh isteach sna bolgáin chainte an rud a cheapann tú atá á rá ag an gcarachtar.












Fite Fuaite.indd 21 27/02/2014 15:31

# Drochlá Dhaid

1. An cuimhin leat an scéal faoi Dhaid agus an cúpla dána, Sinéad agus Nollaig? Scríobh dialann Dhaid. Seo roinnt nathanna a chabhróidh leat.

Ar an gcéad dul síos | Ina dhiaidh sin | An chéad rud eile | Tamall ina dhiaidh sin arís | Ar deireadh thiar thall




## Samhail

2. Léigh an tsamhail.

# *Chomh dána le muc.*

An bhfuil aon fhocal eile, i do thuairim, a d'fhéadfaí a chur in áit 'muc'?



Fite Fuaite.indd 22 27/02/2014 15:31

# Daoine ag Gearán

1. Líon na bolgáin chainte seo thíos.











2. Scríobh an freagra a d'fhéadfadh beirt den dream thuas a thabhairt ar an ngearán.

Anois iarr ar do pháirtí an téacs sna bolgáin chainte a léamh agus a thomhas cé a thug na freagraí seo.

An raibh an ceart ag do pháirtí? ______________________



Fite Fuaite.indd 23 27/02/2014 15:31

# Tomhas

1. Léigh an tomhas agus oibrigh amach é.

Níl sé amuigh ort,
Níl sé istigh ort,
Tá sé ort
Is ní trom leat é.

Mura bhfuil an freagra agat féin tá sé ag do mhúinteoir.

Foghlaim an tomhas agus cuir ar dhuine éigin sa bhaile é.

# Tá sé ort!

2. Léigh na habairtí agus pioc focal oiriúnach le scríobh sna spásanna.
   a. Ní théann aon stop __________ ach ag brú. (air / uirthi / orm)
   b. Tá brón __________ nach ndearna mé m'obair bhaile. (orthu / uirthi / orm)
   c. Chuir Cáit __________ a bróga. (orainn / uirthi / air)
   d. Nach __________ a bhí an bród nuair a bhuaigh sé an rás. (orm / air / oraibh)
   e. Ní raibh aon chótaí __________ agus bhíomar fliuch báite. (orainn / orthu / air)
   f. Cuirigí __________ bhur mbuataisí. (ort / oraibh / orthu)
   g. An bhfuil a gcuid bróga __________ fós? (orthu / orainn / ort)

I gcás cuid de na habairtí thuas tá níos mó ná focal oiriúnach amháin is féidir a phiocadh le cur sa spás.

3. Foghlaim, clúdaigh agus scríobh na forainmneacha réamhfhoclacha seo thíos.

orm __________________
ort __________________
air __________________
uirthi __________________
orainn __________________
oraibh __________________
orthu __________________



Fite Fuaite.indd 24 27/02/2014 15:31

# Caitheamh Aimsire – An Phictiúrlann

Focail agus nathanna a bhaineann leis an téama 'An Phictiúrlann':

Focail agus nathanna a thaitníonn liom:

Focail agus nathanna a d'fhéadfainn a úsáid:



Fite Fuaite.indd 25 27/02/2014 15:31

# Crosfhocal


Líon isteach an crosfhocal. Tá baint éigin ag gach focal atá ann leis an bpictiúrlann.

**Trasna**

3. An carachtar is tábhachtaí i scéal.
7. Píosa beag páipéir a thugann cead isteach duit nuair a cheannaíonn tú é.
10. An áit ina gceannaítear rudaí.
12. An áit ina dtaispeántar scannáin.
17. Scannáin faoi dhaoine a bhfuil cion mór acu ar a chéile.
18. Rud le suí air.
19. Ceannaítear na ticéid anseo.
20. An chuid idir an tús agus an deireadh.
21. An chuid dheireanach.
23. Má mhúchtar iad ní féidir aon rud a fheiceáil.
24. Yííí hááá! Scéalta Meiriceánacha faoi fhir ar chapaill.


**Síos**

1. Scanróidh na scannáin seo thú!
2. Chuirfeadh scannán mar seo a chodladh thú.
4. Mar a chaitheann tú do chuid ama saor.
5. Boinn nó nótaí bainc chun íoc as rudaí.
6. An chéad chuid.
8. Troid agus cos ar bolg.
9. Is maith liom.
11. Duais.
13. Tá siad blasta ach déanann siad an-dochar do na fiacla.
14. Ligeann sé air gur duine de charachtair an scéil é.
15. Seó pictiúir agus fuaime sa phictiúrlann.
16. An rud ar a mbíonn an scannán le feiceáil.
22. Má ólann tú í bainfidh sí an tart díot.






Fite Fuaite.indd 26 27/02/2014 15:31




Pictiúrlann


20


1 euro
2 euro


Ó Cléirigh





# Na cnuaschonsain ina bhfuil 'l'

1. Léigh na focail seo agus aimsigh sa tóraíocht focal iad.

↑ ↓ → ← ↗ ↖

blaosc blasta bliain bláthanna
claíomh clogad cláraitheoir clé dlí dlúth
flaithiúil fleá fliuch gléasta glórach plaisteach
plé plúr slua sláinte tlú

| | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| r | r | i | o | e | h | t | i | a | r | á | l | c | x | p | t | j |
| v | x | d | r | k | l | r | r | n | l | l | v | m | t | l | l | z |
| x | m | w | z | ú | g | s | b | n | i | z | é | p | t | é | á | k |
| r | m | s | h | t | ú | l | d | a | ú | j | f | l | q | g | i | a |
| f | n | t | l | r | f | u | m | h | i | j | x | r | c | d | t | t |
| p | p | g | n | á | c | a | k | t | h | k | z | c | d | x | h | s |
| w | b | l | i | a | i | n | b | á | t | t | t | l | m | t | g | a |
| m | c | b | a | v | d | n | n | l | i | q | z | k | w | a | h | é |
| w | y | l | r | i | t | m | t | b | a | m | n | y | t | z | o | l |
| x | k | t | o | p | s | c | v | e | l | m | n | s | á | x | r | g |
| j | m | c | l | g | l | t | h | k | f | z | a | e | í | j | m | n |
| z | r | ú | p | a | a | c | e | l | k | l | l | b | n | l | f | n |
| x | r | j | í | n | a | d | c | a | b | f | r | l | x | k | d | k |
| m | z | o | c | r | d | m | f | r | c | n | k | a | m | w | l | k |
| t | m | h | ó | l | r | m | l | k | l | h | f | o | g | r | q | k |
| h | f | l | i | u | c | h | x | m | p | q | x | s | k | t | n | n |
| k | g | n | ó | t | h | a | c | h | k | q | r | c | r | m | r | y |

2. Anois úsáid d'fhoclóir le brí trí fhocal acu a aimsiú.

An focal ____________ An míniú a thugtar air san fhoclóir ____________________

An focal ____________ An míniú a thugtar air san fhoclóir ____________________

An focal ____________ An míniú a thugtar air san fhoclóir ____________________



Fite Fuaite.indd 28 27/02/2014 15:31

# Poncaíocht

1. Seo sliocht as an leabhar *An Teist*. Tá an phoncaíocht ar iarraidh. Léigh le do pháirtí é agus aimsígí na botúin phoncaíochta.

ag am spraoi b fhada liom go bhfaighinn deis labhairt le sadhbh
cén fáth a ndearna tú é sin a dúirt mé léi chomh luath is a fuair mé léi féin í cén fáth ar thug tú na focail úd dom
muise cén sórt cantail atá ort a dúirt sadhbh cheapfá go mbeifeá buíoch díom nár gheall mé ar maidin duit nach raibh aon ghá le himní a bheith ort tá díomá orm nach bhfuil tú buíoch díom
ní hé nach bhfuil mé buíoch díot ach is ag cóipeáil a bhí mé a dúirt mise tá sé sin mímhacánta a shadhbh is maith atá a fhios agat é

2. Athscríobh an sliocht, agus an phoncaíocht cheart ann, i do chóipleabhar.

# Ainmneacha

3. Sadhbh an t-ainm atá ar dhuine de na carachtair sa sliocht thuas. Scríobh ainmneacha Gaeilge eile a thosaíonn le '**S**'.

Ainmneacha cailíní ____________________

Ainmneacha buachaillí ____________________



Pléigh do liosta ainmneacha le do pháirtí.
Cé aige a bhfuil an liosta is faide?

agamsa ☐ ag mo pháirtí ☐



Fite Fuaite.indd 29 27/02/2014 15:31

# Leithscéalta!

1. Léigh agus pléigh na leithscéalta seo.

Nílim chomh déanach sin! Níl sé ach ceathrú tar éis a naoi.

Ní raibh mé ach ag pleidhcíocht.

Ní raibh againn ach leathuair chun an obair ar fad a chríochnú.

Tá an ceacht sin an-deacair. Nílim ach i Rang a Ceathair, tá a fhios agat.

Scríobh abairt de do cuid féin a thosaíonn le 'Ní raibh mé ach …' nó 'Nílim ach …'.

---

---

2. Cum na leithscéalta seo thíos.

a. Ní dhearna tú do chuid obair bhaile aréir. Scríobh an leithscéal a thabharfaidh tú don mhúinteoir.



---

---

b. Tá cuireadh faighte chuig féasta agat ach ní féidir leat dul ann. Scríobh an leithscéal a thabharfaidh tú don duine a thug an cuireadh.




---

---

c. Dúirt do thuismitheoirí leat a bheith sa bhaile don dinnéar ag a sé a chlog ach tá sé a seacht a chlog anois. Scríobh an leithscéal a thabharfaidh tú do do thuismitheoirí.



---

---


Pléigh le do pháirtí na habairtí a scríobh sibh beirt. Cé acu is fearr mar leithscéalta?



Fite Fuaite.indd 30 27/02/2014 15:32

# Oíche na Féile Bríde

1. Scríobh Cáit nóta ina dialann tar éis di dul timpeall leis an mBrídeog






2. Léigh agus abair an casfhocal seo.

**Abair 'bó is bodóg' trí huaire as a chéile,**
**Is ná buail do dhá chab ar a chéile.**

Anois iarr ar do pháirtí an casfhocal a rá. Cé agaibh is tapúla á rá?

Mise ☐ Mo pháirtí ☐



Fite Fuaite.indd 31 27/02/2014 15:32

# Cros Bhríde


## Lean na treoracha agus déan Cros Bhríde de do chuid féin.

Ag teastáil: luachair (feagacha) nó giolcacha (timpeall 30 píosa) agus siosúr

### Treoracha



1. Fill píosa luachra ina dhá leath. Fág píosa amháin gan filleadh. Féach pictiúr 1.
2. Tóg an píosa nach bhfuil fillte i do lámh agus fill an píosa eile luachra timpeall air. Féach pictiúr 2.
3. Beir greim air san áit a bhfuil an filleadh agus fill píosa eile luachra trasna air. Féach pictiúr 3.
4. Cas an chros 45° ar dheis. Beir greim uirthi san áit a bhfuil an filleadh agus fill píosa eile luachra trasna uirthi. Féach pictiúr 4.
5. Cas an chros 45° ar dheis arís. Beir greim uirthi san áit a bhfuil an filleadh agus fill píosa eile luachra trasna uirthi. Féach pictiúr 5.
6. Lean ort ag casadh na croise 45° ar dheis agus ag filleadh píosaí luachra trasna uirthi go dtí nach mbeidh fágtha ach ceithre phíosa luachra.
7. Gearr na ceithre chos an fad céanna (timpeall 12cm).
8. Beir greim ar chos amháin. Fill píosa luachra timpeall uirthi ag a ceann agus cuir snaidhm air. Déan an rud céanna leis na cosa eile.
9. Anois tá Cros Bhríde déanta agat.
10. Croch an Chros Bhríde sa bhaile agus cuirfidh Naomh Bríd a beannacht ar mhuintir an tí.






Fite Fuaite.indd 32 27/02/2014 15:32

# Ócáidí Speisialta – Lá Fhéile Bríde

Focail agus nathanna a bhaineann leis an téama 'Lá Fhéile Bríde':

Focail agus nathanna a thaitníonn liom:

Focail agus nathanna a d'fhéadfainn a úsáid:



Fite Fuaite.indd 33 27/02/2014 15:32

# Tabhair Treoir

1. Léigh na treoracha do do pháirtí agus iarr air an pictiúr a tharraingt ina leabhar féin.

a. Tarraing scoil i lár an bhosca.
b. Cuir cúig fhuinneog agus doras tosaigh ar an scoil.
c. Tarraing clós imeartha os comhair na scoile.
d. Cuir balla timpeall na scoile ar fad agus geata mór chun tosaigh.
e. Tarraing gairdín beag ag binn chlé na scoile.
f. Tarraing seomra réamhdhéanta ag binn dheas na scoile.
g. Tarraing crann brataí le taobh an gheata agus tarraing an Brat Glas in airde air.
h. Tarraing deichniúr dalta ina seasamh idir doras na scoile agus geata na scoile.
i. Tarraing bus scoile taobh amuigh den gheata.

2. Cuir do phictiúr i gcomparáid le pictiúr do pháirtí. Pléigí na difríochtaí atá eatarthu. Scríobh dhá dhifríocht anseo.



Fite Fuaite.indd 34 27/02/2014 15:32

# Daideo Fhionnáin

1. An cuimhin leat an scéal faoi bhás Dhaideo Fhionnáin? Duine cneasta cineálta ab ea Daideo. Scríobh aidiachtaí a dhéanann cur síos ar dhaoine.

cneasta ____ cineálta ____ ____ ____ ____

2. Léigh agus dathaigh an bheannacht.

**Tabhartas na sláinte chugat.**


Scríobh beannacht eile atá ar eolas agat anseo.

________________________________________

________________________________________

## Samhlacha

***Bhí sé chomh macánta leis an sagart.***
***Bhí sé chomh foighneach le Iób.***




An bhfuil a fhios agat aon samhail eile? Scríobh anseo í.

________________________________________

________________________________________

Cum do shamhail féin agus scríobh anseo í.

________________________________________

________________________________________

# Aidiachtaí

1. Léigh na haidiachtaí.




2. Scríobh na haidiachtaí thuas in ord aibítre.

______________________________

______________________________

3. An cuimhin leat an scéal faoi Mikka agus a dheartháir Hans? Scríobh na haidiachtaí is fearr a dhéanann cur síos

ar Mikka: ______________________________

ar Hans: ______________________________

ar an diabhal: ______________________________

# Contrárthachtaí

4. Scríobh contrárthacht na n-aidiachtaí seo thíos.

| | | | |
|---|---|---|---|
| mór → | beag | trom → | ______ |
| salach → | ______ | bog → | ______ |
| ard → | ______ | caol → | ______ |
| fíor → | ______ | fliuch → | ______ |



Fite Fuaite.indd 36 27/02/2014 15:32

5. Cuir líne faoi na haidiachtaí.



gúna <u>salach</u>



cnoc ard



mála trom



lá fliuch

6. Scríobh na focail thíos faoin teideal ceart. Cuir gach ainmfhocal leis an aidiacht is oiriúnaí dó. Ansin scríobh ainmfhocal agus aidiacht de do chuid féin.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| cailín | te | sionnach | dorcha | sneachta |
| glic | dath | cineálta | lá | fuar |

| Ainmfhocail | Aidiachtaí |
|---|---|
| cailín | cineálta |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

## Tomhas

7. Léigh an tomhas agus oibrigh amach é.

Teach mór, mór é,
Coinnleoir óir é,
Culaith bhreac é.
Tomhais go tapa é,
Ná scaoil thart é.

Mura bhfuil an freagra agat féin tá sé ag do mhúinteoir.

Ar thug tú aon aidiachtaí faoi deara sa tomhas? Scríobh anseo iad.

_______________________________________________

Foghlaim an tomhas agus cuir ar dhuine éigin sa bhaile é.

# An Séimhiú

1. Léigh na focail seo agus aimsigh sa tóraíocht focal iad.

↑ ↓ → ← ↗↙ ↖↘

| | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| a | h | o | d | d' | f | h | i | a | c | l | a | m | e | ó | f |
| d | r | h | i | p | m | l | o | d | r | d | m | t | g | n | l |
| o | a | s | o | h | c | o | d | o | d | o | t | h | ó | i | n |
| c | b | m | d | s | á | t | m | d | g | n | b | í | n | s | e |
| h | n | n | i | a | l | a | u | h | g | o | m | é | i | m | l |
| l | d' | d | f | m | r | e | r | r | é | p | e | t | n | o | i |
| u | l | o | l | h | o | u | g | o | i | a | ú | ó | n | g | ú |
| a | g | c | é | l | a | b | l | i | g | l | r | i | a | h | h |
| s | c | h | i | i | d | r | h | m | b | h | b | a | e | l | s |
| a | n | r | g | s | d' | f | g | é | s | f | i | n | h | ú | o |
| ó | d | o | c | h | r | í | u | o | a | d | g | í | c | i | d |
| g | l | í | s | f | t | ú | d | b | e | l | á | r | o | n | u |
| n | u | p | r | é | n | á | m | o | r | h | c | o | m | c | ó |

mo ghualainn
mo bhéal
do chosa
do thóin
mo cheann
d'fhiacla
mo ghruaig
do shrón
mo mhéara
do dhroim
do shúile
do chroí
mo ghlúin
do chluasa
mo chromán

Ar thug tú faoi deara go leanann séimhiú 'mo' agus 'do' nuair a thosaíonn focal le **b**, **c**, **d**, **f**, **g**, **m**, **p**, **s** agus **t**?

2. Cuir an focal ceart i ngach spás acu seo thíos.



a. Is duine an-deas é mo chara.
b. Ba cheart duit do mhála scoile a chur ar an urlár.
c. Is maith liom do ____________.
d. An bhfaca tú mo ____________ nua?
e. Nach deas é do ____________!
f. Dhoirt mé deoch ar mo ____________.
g. An bhféadfainn imirt i do ____________?

3. Scríobh trí abairt anseo a bhfuil an focal 'mo' nó 'do' iontu.



____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________



Fite Fuaite.indd 38 27/02/2014 15:32

# Foirm Iarratais

Léigh an t-alt agus líon isteach an fhoirm iarratais.



# Nuachtlitir Bhaile na Creige

## Grúpa Comhshaoil le Bunú

Mar is eol daoibh tá an-fhadhb le truailliú sa cheantar seo againne le tamall anuas. Ba mhaith linn grúpa comhshaoil a bhunú chun iarracht a dhéanamh an fhadhb seo a réiteach. Beidh cruinniú eolais againn sa halla pobail ag 8 a chlog Déardaoin seo chugainn an 21 Deireadh Fómhair. Má tá spéis agat a bheith páirteach sa ghrúpa comhshaoil líon isteach an fhoirm seo agus tabhair leat ar an oíche í. Ba bhreá linn dá mbeadh daoine óga páirteach sa ghrúpa seo chomh maith.

Sínithe:
Clíodhna Ní Chonchubhair
Peadar Ó Dufaigh

**Grúpa Comhshaoil Bhaile na Creige Foirm Bhallraíochta**

Ainm: ______________________

Seoladh: ______________________

______________________

Uimhir Ghutháin: ______________________

______________________

Seoladh Ríomhphoist: ______________________

______________________

Cén t-am Dé Máirt a mbeifeá saor chun cabhrú linn?

5–6 p.m. ☐
6–7 p.m. ☐
7–8 p.m. ☐
am éigin eile ☐

Lá ______________________

Am ______________________



Seiceáil go bhfuil na ceannlitreacha sna háiteanna cearta agat.

# 'Is ea' nó 'Ní hea'?

1. Léigh an píosa seo d'agallamh.

Iriseoir: Inis dom anois, a Aubrey, an Éireannach tú?
Aubrey: Ní hea ach Meiriceánach. Ach is Éireannach é m'athair. Is as Gaillimh é.
Iriseoir: An ea anois! Agus an Éireannach í do mháthair?
Aubrey: Ní hea. Is Gearmánach í.
Iriseoir: Agus an sa Ghearmáin a bhuail sí le d'athair?
Aubrey: Is ea. Bhí an bheirt acu ag aisteoireacht sa scannán céanna.



2. Cén t-aisteoir ba mhaith leatsa a chur faoi agallamh? Scríobh na ceisteanna ba mhaith leat a chur ar an duine sin. Cabhróidh an téacs i dtasc 1 leat.

______________________________
______________________________
______________________________

3. Scríobh 'Is ea' nó 'Ní hea' mar fhreagra ar na ceisteanna seo thíos.

a. An Éireannach tú? __________
b. An buachaill tú? __________
c. An cailín tú? __________
d. An aisteoir tú? __________
e. An dalta scoile tú? __________
f. An duine aclaí tú? __________

# Bunús na bhFocal

pictiúr + -lann → pictiúrlann

bia + -lann → bialann

Scríobh amach bunús na bhfocal seo mar atá thuas.

______ + ______ → uachtarlann
______ + ______ → otharlann
______ + ______ → amharclann
______ + ______ → leabharlann

Úsáid d'fhoclóir chun brí na mbunfhocal a fháil amach.



Fite Fuaite.indd 40 27/02/2014 15:32

# Focail ina bhfuil '**-ach**', '**-ón**', '**-án**' agus '**-ín**'

1. An cuimhin leat na focail seo a chríochnaíonn in '**-ach**'?

   earrach | sionnach | coileach | tuirseach | deatach

   Cuir dhá cheann acu in abairt.

   ______________________________________________

   ______________________________________________

2. Léigh an scéilín agus cuir líne faoi na focail a chríochnaíonn in '**-ón**', '**-án**' agus '**-ín**'.

   Tháinig Lin go hÉirinn in eitleán ón tSín san Aibreán. Tá sí ina cónaí anois i Ráithín. Bhí sí faoi bhrón go dtí gur bhuail sí lena comharsana béal dorais, Róisín agus Seán. Téann an triúr acu ar scoil le chéile go Scoil Lisín Bán. Tar éis na scoile imríonn siad le chéile ar an luascán agus ar an sleamhnán. Bíonn sí ag caint ar an bhfón go minic lena máthair chríonna sa tSín.

3. Liostaigh na focail anseo. Cuir cúpla focal breise de do chuid féin sna liostaí.










4. Roghnaigh sé fhocal as na liostaí thuas le foghlaim. Foghlaim, clúdaigh agus scríobh anseo iad.

   ____________ ____________ ____________

   ____________ ____________ ____________

Marc ☐ / 6



Fite Fuaite.indd 41 27/02/2014 15:32

# Fógra

1. Léigh an fógra.

**Rothar ar Díol**
*Oiriúnach do dhuine idir 10 agus 12*
*Gan mórán úsáide bainte as*
*Praghas réasúnta*
*Glaoigh ar Niall ag 081 345556*

2. Dear fógra anseo chun comhairle a chur ar dhaoine faoi shábháilteacht agus iad ag rothaíocht.

# Tomhas

3. Léigh an tomhas agus oibrigh amach é.

Bíonn sé sa mhóinéar
Is ní bhaintear é;
Bíonn sé sa siopa
Is ní dhíoltar é;
Bíonn sé san abhainn
Is ní bháitear é.

Mura bhfuil an freagra agat féin tá sé ag do mhúinteoir.

Foghlaim an tomhas agus cuir ar dhuine éigin sa bhaile é.

# Cum Ceisteanna

1. Cum ceisteanna do na freagraí seo.

_______________________________ Chonaic.
_______________________________ Bhí.
_______________________________ Fuair.
_______________________________ Thug.



Seiceáil go bhfuil na ceannlitreacha agus na comharthaí ceiste sna háiteanna cearta agat.

2. Cén briathar neamhrialta i dtasc 1 is deacra, dar leat?

_______________

Cum ceist agus freagra eile don bhriathar sin.

_______________________________

3. Ba é John Logie Baird a chéadcheap an teilifís. An raibh a fhios agat gurb iad na daoine seo a chéadcheap na rudaí seo thíos?

| | | |
|---|---|---|
| Alexander Graham Bell | → | an teileafón |
| Godtfred Christiansen | → | Lego |
| John Holland | → | an bád faoi thoinn |
| Walter Hunt | → | an biorán dúnta |
| Louis Braille | → | priontáil Braille |

An bhfuil rudaí eile ann ar mhaith leatsa a fháil amach cé a chéadcheap iad? Scríobh anseo iad.

_______________________________

# Litriú

4. Foghlaim, clúdaigh agus scríobh na focail seo thíos.

An bhfaca? _______________
An bhfuair? _______________
An raibh? _______________
Ar thug? _______________



Fite Fuaite.indd 43 27/02/2014 15:32

# Fógra

1. Léigh an fógra agus labhair le do rang faoi.

**Ceiliúradh na Féile Bríde**

i Scoil Bhríde
Dé Luain, 1 Feabhra
ag 11.30 a.m.
i halla na scoile

Sceitsí, ceol, amhráin, paidreacha,
dánta, agus taispeántas ealaíne
agus ceardaíochta
á chur i láthair ag daltaí na scoile.
Sólaistí ar fáil.
Bígí ann agus bígí in am!

2. Meaitseáil na bolgáin chainte.

A Mháire, an dtiocfaidh tú chuig an gceiliúradh liom amárach?

Dhéanfainn agus fáilte, a Ghobnait, ach tá an diabhal carr briste.

An bhfuil tú saor anocht, a Shiobhán? Tá feighlí linbh uaim.

Ba bhreá liom, a Shibéal, go raibh maith agat.

A Shéamais, aon seans go dtabharfá marcaíocht dom chuig an gceiliúradh sa scoil?

Is trua liom nach bhfuil, a Bhrídín, mar go bhfuil scrúdú agam amárach.

Ar thug tú faoi deara go bhfuil séimhiú ar an ainm sna bolgáin chainte aon áit a bhfuil duine ag glaoch ar dhuine eile? Scríobh na hainmneacha mar atá siad sna bolgáin chainte.

a ______________________ a ______________________
a ______________________ a ______________________
a ______________________ a ______________________



Fite Fuaite.indd 44 27/02/2014 15:32

# Cárta Comhbhróin

1. Fuair Fionnán cárta óna athair baistí nuair a fuair a Dhaideo bás. Scríobh an rud a cheapann tú a bhí scríofa ar an gcárta.



*Comhbhrón ó chroí leat*

2. An mó focal is féidir leat a dhéanamh as na litreacha atá san fhocal '**ospidéal**'? Scríobh anseo iad.

Úsáid d'fhoclóir lena chinntiú go bhfuil na focail litrithe i gceart agat. Ar chuir tú na síntí fada sna háiteanna cearta?



Anois léigh liosta do pháirtí. An raibh mórán de na focail chéanna agaibh?



Fite Fuaite.indd 45 27/02/2014 15:32

# Mé Féin

Focail agus nathanna a bhaineann leis an téama 'Mé Féin':

Focail agus nathanna a thaitníonn liom:

Focail agus nathanna a d'fhéadfainn a úsáid:

# Seanfhocal

1. Léigh an seanfhocal agus pléigh é.

# Is maith an t-anlann an t-ocras.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| anlann | → | an t-anlann | ocras | → | an t-ocras |
| úll | → | an t-úll | iasc | → | an t-iasc |
| oráiste | → | an t-oráiste | éan | → | an t-éan |

Ar thug tú faoi deara gur tháinig athrú ag tús gach ainmfhocail thuas nuair a cuireadh 'an' roimhe? Cén litir a cuireadh i dtús gach ainmfhocail? ______

Scríobh dhá ainmfhocal eile ar gá '**t**-' a chur ina dtús nuair a chuirtear 'an' rompu. Ansin cuir in abairtí iad.

______________ ______________

________________________________________

________________________________________

2. Léigh agus pléigh na lipéid seo thíos le do pháirtí.

a

| I ngach riar 20 g tá: | |
|---|---|
| Siúcra | 12.6 g |
| Saill | 0 g |
| Salann | 0 g |

b

| I ngach riar 100 g tá: | |
|---|---|
| Siúcra | 0.6 g |
| Saill | 34.3 g |
| Salann | 0.4 g |

c

| I ngach riar 100 g tá: | |
|---|---|
| Siúcra | 8.3 g |
| Saill | 18 g |
| Salann | 2.4 g |

Níor cheart dúinn níos mó ná 4 g salainn a ithe sa lá.

Cé acu bia – a, b nó c – is mó a bhfuil

siúcra ann? ______________

saill ann? ______________

salann ann? ______________

Déan taighde sa bhaile chun a fháil amach cé mhéad siúcra, saille agus salainn atá i mbianna difriúla.



Fite Fuaite.indd 47 27/02/2014 15:32

# Deirí na bhFocal '**-ún**'

1. Léigh na habairtí seo ina bhfuil focail a chríochnaíonn in '**-ún**'. Ciorclaigh an '**ún**' i ngach cás acu.
   a. Is deas an patrún é sin.
   b. Nuair a rinne mé profú ar mo scéal fuair mé trí bhotún ann.
   c. Bhí scéal agam faoi dhragún nuair a bhí mé i Rang a Dó.
   d. Ná lig do rún le buachaill ciúin.
   e. D'iarr an múinteoir orainn trí cholún a dhéanamh ar an leathanach.
   f. Bhí bagún agam don dinnéar inné.

2. Scríobh na focail a bhfuil '**-ún**' iontu in ord aibítre anseo.

   Cum abairt nua le haghaidh trí cinn de na focail thuas.

3. Foghlaim na focail i dtasc 2. Ansin clúdaigh iad agus scríobh anseo iad.

Marc ☐ / 6



Fite Fuaite.indd 48 27/02/2014 15:32

# Forbairt Stór Focal

1. Seo abairtí as an leabhar *Micheál Ó Conaill.* An féidir leat ciall na bhfocal sa chló trom a oibriú amach? Cuir ciorcal timpeall ar **a**, **b** nó **c** i ngach cás.

   1. Bhíodh daoine ó mhórán tíortha **iasachta** ag cur fúthu i nDairbhre.
      a. daoine ó mhórán tíortha fuara
      b. daoine ó mhórán tíortha teo
      c. daoine ó mhórán tíortha coimhthíocha
   2. Iascaire agus feirmeoir a raibh **gabháltas** beag aige ab ea athair Mhichíl.
      a. feirmeoir a raibh feirm bheag aige
      b. feirmeoir a raibh asal beag aige
      c. feirmeoir a raibh teach beag aige
   3. Bhíodh **fuílleach** oibre le déanamh ar an bhfeirm ag Micheál.
      a. Bhíodh beagán oibre le déanamh aige.
      b. Bhíodh a dhóthain oibre le déanamh aige.
      c. Bhíodh a lán oibre le déanamh aige.



Úsáid d'fhoclóir nó cuir ceist ar do mhúinteoir chun do fhreagraí a sheiceáil.

Bhí $\frac{\square}{3}$ i gceart agam.

2. Cuir dhá cheann de na focail atá i gcló trom i dtasc 1 in abairtí.

# Céimeanna Comparáide

1. Meaitseáil gach aidiacht acu seo lena breischéim.

| | |
|---|---|
| deas | níos úire |
| milis | níos blasta |
| goirt | níos folláine |
| folláin | níos milse |
| úr | níor seirbhe |
| blasta | níos goirte |
| searbh | níos deise |

2. Scríobh focail oiriúnacha sna spásanna.

Tá ________________ níos milse ná ________________.


Tá ________________ níos goirte ná ________________.

Tá ________________ níos blasta ná ________________.

Tá ________________ níos seirbhe ná ________________.

Tá an ________________ sin níos úire ná an ceann seo.

3. Scríobh liosta de bhianna a cheapann tusa ba cheart a bheith i mbosca lóin.



# Ith bia úr!

4. Seo focail a chríochnaíonn in '**-úr**'. An féidir leat iad a oibriú amach?

rúlco　　drú　　ánúrd　　srúca


________　________　________　________



Fite Fuaite.indd 50 27/02/2014 15:32

# Liostaí

1. Scríobh liosta de bhianna a cheapann tú atá sa chuisneoir seo.



Úsáid d'fhoclóir lena chinntiú go bhfuil na focail litrithe i gceart agat. Ar chuir tú na síntí fada sna háiteanna cearta? Ansin scríobh in ord aibítre iad.

2. Scríobh trí fhocal as do liosta anseo agus cuir aidiacht oiriúnach le gach ceann.

| Ainmfhocail | Aidiachtaí |
|---|---|
| bainne | úr |
| | |
| | |
| | |



Fite Fuaite.indd 51 27/02/2014 15:32

# Bia

Focail agus nathanna a bhaineann leis an téama 'Bia':

Focail agus nathanna a thaitníonn liom:

Focail agus nathanna a d'fhéadfainn a úsáid:



Fite Fuaite.indd 52 27/02/2014 15:32

# An Turas Scoile

1. Léigh an téacs seo. Ansin dathaigh na briathra ar fad atá san aimsir chaite.

Chaith daltaí Scoil Chaitríona an lá san Ionad Eachtraíochta.

'Ba mhaith liomsa seachtain a chaitheamh anseo,' arsa Pádraig.

'Tiocfaidh mise ar ais le mo thuismitheoirí i mí Lúnasa,' a dúirt Deirdre.

Ach díreach ansin chuala siad an múinteoir ag glaoch orthu.

'Ní fada anois go mbeidh an bád ag fágáil,' ar sise. 'Seasaigí i líne.'

Sheas siad i líne agus ansin shiúil siad le chéile síos go dtí an ché. Bhí siad ar fad breá sásta leis an turas scoile agus bheidís ag cur agus ag cúiteamh faoi go ceann i bhfad.

2. Fíor nó bréagach?

a. Ba mhaith le Deirdre seachtain a chaitheamh san ionad eachtraíochta.

________________

b. Tiocfaidh Deirdre ar ais lena tuismitheoirí níos moille sa samhradh.

________________

c. Dúirt an múinteoir go mbeadh an bád ag imeacht roimh i bhfad.

________________

d. Bhí an múinteoir feargach.

________________

3. Freagair na ceisteanna seo.

a. Cén áit ar mhaith leatsa seachtain a chaitheamh?
Ba mhaith liom ________________

b. Cén t-am a mbíonn ort an teach a fhágáil ar maidin?
Bíonn orm ________________

c. Cén mhí a gcaithfidh tú teacht ar ais ar scoil i ndiaidh na laethanta saoire?
Caithfidh mé ________________



Fite Fuaite.indd 53 27/02/2014 15:32

# Crosfhocal


Líon isteach an crosfhocal. Tá baint éigin ag gach focal atá ann le turais scoile nó leis an aimsir.


**Trasna**

2. Feithicil mór a iompraíonn paisinéirí.
4. Aimsir iontach garbh.
6. Ag gluaiseacht tríd an uisce.
7. Soitheach nó árthach a sheolann trasna na farraige.
9. An mhuir nó an tsáile a chlúdaíonn cuid mhór den domhan.
13. Máthair nó athair.
16. Mar a chaitheann tú do chuid ama saor.
17. Bíonn sé deacair rudaí a fheiceáil má bhíonn sé ann.
18. Ag gluaiseacht ar rothar.

**Síos**


1. Ionad ina ndéantar imeachtaí ar nós cadhcáil agus seoltóireacht.
3. Ag gluaiseacht ar an uisce i mbád seoil.
5. Ag gluaiseacht suas balla nó aill.
6. Titeann sé sa gheimhreadh.
8. Bíonn sé seo ann má bhíonn an lá go deas.
10. An duine a bhíonn i mbun ranga.
11. Lá amuigh leis an scoil.
12. Bíonn sí fliuch, tirim, fuar nó te ach bíonn sí i gcónaí ann.
14. Ag gluaiseacht ar an uisce i gcadhc.
15. An áit a mbíonn páistí ag foghlaim i rith an lae.




1
2
3
4
5
6
7
8
9
10
11
12
13
14
15
16
17
18







# Turas chuig Oileán Mhic Eoin

1. An cuimhin leat an scéal faoi Antaine agus an turas scoile? Léigh agus pléigh clár ama an turais a sheol Bean Uí Mháille chuig na tuismitheoirí. Ansin scríobh an nóta a cheapann tú a chuir Bean Uí Mháille in éineacht leis an gclár ama.

**Turas chuig Oileán Mhic Eoin**

*10 Meitheamh*

Clár an Turais

| | |
|---|---|
| 9.00 a.m. | Teacht le chéile i gclós na scoile |
| 9.15 a.m. | Bus ag fágáil na scoile |
| 9.45 a.m. | Bád ag fágáil Ros na nGeabhróg |
| 10.45 a.m. | Bád ag sroicheadh Oileán Mhic Eoin |
| 11.00 a.m. – 3.30 p.m. | Imeachtaí in Ionad Eachtraíochta Uí Fhlatharta |
| 4.00 p.m. | Cuairt ar láithreacha stairiúla an oileáin |
| *Campáil thar oíche ar an oileán* | |
| 11.00 a.m. | Bád ag fágáil Oileán Mhic Eoin |
| 12.00 p.m. | Bád ag sroicheadh Ros na nGeabhróg |
| 12.30 p.m. | Ar ais ag an scoil |



le dea-mhéin,

*Cáit Bean Uí Mháille*

Léigh an nóta a scríobh do pháirtí. An bhfuil mórán difríochtaí idir an dá nóta?

2. Léigh na focail seo a bhfuil '**ea**' iontu agus scríobh in ord aibítre iad.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| teacht | imeachtaí | bean | fear | sean | ceathrar |
| uaigneas | leathan | gearr | ceathrú | greannmhar | ceart |



Fite Fuaite.indd 56 27/02/2014 15:32

# Teachtaireacht Ríomhphoist

1. Nuair a tháinig Antaine abhaile ón turas chuig an ionad eachtraíochta sheol sé teachtaireacht ríomhphoist chuig a uncail san Astráil ag cur síos ar an turas. Scríobh an teachtaireacht mar a scríobhfadh Antaine é.

Ó:
Chuig:
Cc:
Ábhar:

2. Cúpla lá ina dhiaidh sin tháinig freagra óna uncail. Críochnaigh an teachtaireacht.

Ó:
Chuig:
Cc:
Ábhar:

Is maith liom a chloisteáil gur thaitin do thuras scoile leat. Creid é nó ná creid bhí mé féin in Oileán Mhic Eoin nuair a bhí mé sa mheánscoil!

Ach

Dar ndóigh tá sé ina gheimhreadh againn anseo san Astráil anois agus

Sula gcríochnóidh mé tá dea-scéala agam daoibh.


le grá mór,
Séamas



Fite Fuaite.indd 57 27/02/2014 15:32

# Logainmneacha na hÉireann

Sa scéal faoin turas scoile bhí an t-ionad eachtraíochta ar oileán. Focal eile ar 'oileán' is ea 'inis'. Tosaíonn cuid mhaith de logainmneacha na hÉireann leis an bhfocal 'Inis'. Aimsigh logainmneacha a thosaíonn leis an bhfocal 'Inis' ar léarscáil na hÉireann agus scríobh anseo iad.






An bhfuil logainmneacha i gcomharsanacht na scoile nó an bhaile a thosaíonn leis an bhfocal 'Inis'? Má tá scríobh anseo iad.

# Samhlacha

1. Léigh an tsamhail agus pléigh í le do pháirtí.





Anois cuimhnigh ar rud éigin eile atá an-domhain. Cuir focal éigin eile in áit 'an fharraige' sa tsamhail.

Chomh domhain ______________________________ .

2. An mó focal is féidir leat a dhéanamh as na litreacha atá san fhocal '**farraige**'? Scríobh anseo iad.

3. Seo roinnt samhlacha eile.

Chomh marbh le hart.
Chomh binn le smólach.
Chomh glan le scilling.
Chomh crua le cloch.
Chomh ceart is atá ceart ann.








Fite Fuaite.indd 59 27/02/2014 15:32

# Cois Farraige

Scríobh dréacht de scéal, sceitse nó dán ar leathanach eile faoi eachtra a tharla duit féin agus tú cois farraige. Taispeáin do do pháirtí é agus iarr comhairle air. Déan eagarthóireacht, athdhréachtú agus profú ar do shaothar. Nuair atá tú sásta leis scríobh anseo é.

Teideal: ______________________









Fite Fuaite.indd 60 27/02/2014 15:32

# An Diabhal Aimsir!

1. Pléigh na pictiúir seo thíos le do pháirtí.




2. Anois críochnaigh na habairtí seo.
   a. Cuireadh an cluiche peile ar ceal de bharr ______________________.
   b. Cuireadh na rásaí capall ar athló de bharr ______________________.
   c. Cuireadh na rásaí bád siar de bharr ______________________.
   d. Cuireadh na comórtais gailf ar ceal de bharr ______________________.

3. Scríobh Deirdre nóta buíochais chuig an múinteoir tar éis di a bheith ar an turas scoile. Cabhraigh léi an nóta a chríochnú. Scríobh dréacht den nóta ar leathanach eile. Déan eagarthóireacht, athdhréachtú agus profú air. Nuair atá tú sásta leis scríobh anseo é.

*Go raibh míle maith agat, a Bhean Uí Mháille*

______________________

______________________

______________________

*le dea-mhéin,*

*Deirdre*

# Rann Traidisiúnta

1. Léigh agus pléigh an rann traidisiúnta seo.





Báisteach ó Dhia chugainn
Ach gan é a bheith fliuch,
Agus cion an lae amárach
Go ndéana sé anocht.



Scríobh na focail sa rann a chríochnaíonn in '**-ch**'.

______________ ______________ ______________

Scríobh trí fhocal eile a chríochnaíonn in '**-ch**'.

______________ ______________ ______________

2. Tá an fhuaim '**ea**' san fhocal 'báisteach'. Seo roinnt focal eile a bhfuil '**ea**' iontu. Cuir ceithre cinn eile de do chuid féin leo. Ansin scríobh in ord aibítre iad.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| seans | eachtraí | dearmad | ceann | seasamh |
| gealach | fearg | searbh | cleachtadh | seachtain |

______________ ______________ ______________ ______________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

3. Anois cum abairt le haghaidh ceithre cinn de na focail thuas.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________



Fite Fuaite.indd 62 27/02/2014 15:32


# Logainmneacha na hÉireann

1. Léigh an t-eolas seo.





I mBaile Átha Cliath atá an Dánlann Náisiúnta.
Tá an Domhan Fothoinn sa Daingean.
Throid Cúchulainn in aghaidh Fheardia i mBaile Átha Fhirdh
Bíonn seónna capall ar siúl go minic i Sráid an Mhuilinn.
Tá Sí an Bhrú i gContae na Mí.
Tá caisleán gar do Ráth Caola.
Tá Pláinéadlann Ard Mhacha i gcathair Ard Mhacha.
I nGaillimh atá an Póirse Caoch.
Tá teach solais an Charraig Aonair cóngarach do Chléire.
I dTrá Lí atá Páirc Aibhistín de Staic.
Is áit álainn siúlóide é Gleann Bheatha.
Tá Oileáin Árann i gCuan na Gaillimhe.
Tá Inis Ceithleann ar bhruach Loch Éirne.

2. Oibrigh le do pháirtí chun na logainmneacha atá sna habairtí thuas a aimsiú ar léarscáil. Faigh amach cén contae lena mbaineann gach ceann acu.

3. Faigh amach an bhrí atá leis na focail 'Ráth' agus 'Áth'. Ansin aimsigh logainmneacha eile a bhfuil an focal 'Ráth' nó 'Áth' iontu agus scríobh anseo iad.

| Ráth | Áth |
| --- | --- |
| ____________ | ____________ |
| ____________ | ____________ |
| ____________ | ____________ |

# An Aimsir

Focail agus nathanna a bhaineann leis an téama 'An Aimsir':

Focail agus nathanna a thaitníonn liom:

Focail agus nathanna a d'fhéadfainn a úsáid:

# Cuir i gcuimhne dom!


1. An cuimhin leat an scéal faoi Chaoilfhionn a bhí ag dul ag pósadh? Léigh na nótaí a scríobh Caoilfhionn ar an bhféilire roimh an mbainis. Ansin scríobh isteach na rudaí a cheapann tusa a bheadh sna spásanna.

| Luan | Máirt | Céadaoin | Déardaoin | Aoine | Satharn | Domhnach |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | 2 | 3 Glaoch le cur ar shiopa na mbláthanna. Cleachtadh don searmanas (7.00pm). | 4 | 5 Coinne leis an ngruagaire - stíleanna le triail (11.00am). | 6 Uimhreacha le cinntiú leis an óstán. | 7 Dinnéar le Jane agus Mark (8.00pm). |
| 8 An grianghrafadóir ag súil le glaoch. | 9 Fág teachtaireacht don sagart. | 10 | 11 Lón le Máire (1.00pm). Ciste le bailiú san iarnóin. | 12 AN LÁ MÓR! | | |

2. Scríobh nóta gairid i ngach spás chun rudaí a chur i gcuimhne duit féin.

| Luan | Máirt | Céadaoin | Déardaoin | Aoine | Satharn | Domhnach |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | |

3. Tabhair an bhrídeog go dtí an séipéal.



# Gairmeacha Beatha

1. Pléigh na pictiúir. Ansin ceangail tús gach focail leis an deireadh ceart.





| | |
|---|---|
| grianghraf | eoir |
| feirm | adóir |
| mol | tóir |
| siopa | tóir |
| peil | eadóir |
| múin | dóir |
| ceol | teoir |









Scríobh na focail anseo in ord aibítre.

________________________________________

________________________________________

2. Cé acu de na gairmeacha beatha thuas ab fhearr leatsa? An bhfuil ceann acu nach dtaitneodh leat beag ná mór? Críochnaigh an abairt.
B'fhearr liom a bheith i mo ________________ ná i mo ________________ nuair a bheidh mé i mo dhuine fásta.

3. Faigh amach cé acu de na gairmeacha beatha ab fhearr le do pháirtí. Críochnaigh an abairt.
Ba mhaith le ________________ a bheith ina ________________ .



Fite Fuaite.indd 66 27/02/2014 15:32

# Tóraíocht Focal

Léigh na focail seo thíos agus aimsigh sa tóraíocht focal iad.

↑ ↓ → ← ↙↗ ↖↘

| | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| c | y | f | g | q | q | p | k | m | r | r | k | m | j | f | x | n | k |
| a | v | k | b | t | h | p | m | r | m | z | h | t | y | g | l | r | m |
| i | f | q | p | f | d | v | c | e | o | l | t | ó | i | r | n | n | r |
| t | r | l | e | t | i | l | y | n | m | h | r | k | z | k | c | t | t |
| h | i | l | a | v | a | i | m | o | c | h | ó | n | a | í | e | i | r |
| e | ó | q | t | n | f | e | b | c | n | c | c | n | x | a | o | n | r |
| a | t | x | a | r | n | n | a | w | a | r | h | d | c | c | x | n | q |
| m | l | r | í | w | a | h | t | l | i | i | a | h | f | t | f | e | x |
| h | a | d | x | r | f | t | d | ó | a | t | r | a | k | t | m | a | d |
| a | e | t | s | o | p | y | d | i | s | í | i | d | q | m | k | l | j |
| i | n | n | m | q | m | a | r | á | a | d | o | y | e | r | z | t | j |
| m | n | h | l | t | e | a | s | m | h | h | r | n | g | j | f | ó | l |
| s | i | d | k | l | e | n | k | v | k | h | c | t | t | w | w | i | o |
| i | c | w | i | l | t | t | b | b | t | d | d | a | c | ó | n | r | a |
| r | x | e | r | z | j | r | h | n | n | t | t | i | r | j | i | l | s |
| e | p | a | k | z | w | h | d | i | a | h | b | o | e | h | g | r | v |
| w | h | z | c | y | b | j | z | w | n | b | y | t | b | b | r | j | v |
| t | b | y | e | r | i | o | a | s | a | t | n | a | h | t | e | a | l |

- innealtóir
- peileadóir
- ceoltóir
- ealaíontóir
- tiocfaidh
- gheobhaidh
- rachaidh
- fanfaidh
- thar lear
- i mo chónaí
- cairde
- peataí
- teach
- post
- caitheamh aimsire
- laethanta saoire
- beidh
- saol
- sásta



Fite Fuaite.indd 67 27/02/2014 15:32

# Cum Dán

Cum dán bunaithe ar an téama 'Nuair a bheidh mé i mo dhuine fásta'. Cabhróidh na briathra seo leat.

imeoidh
rachaidh
tiocfaidh
fanfaidh
beidh
gheobhaidh
taistealóidh

G ______
A ______
I ______
R ______
M ______
B ______
H ______
E ______
A ______
T ______
H ______
A ______



Fite Fuaite.indd 68 27/02/2014 15:32

# Poncaíocht

1. Cuireadh an deireadh '**-aíocht**' leis an bhfocal 'ponc' chun an focal 'poncaíocht' a dhéanamh.

ponc + -aíocht ➔ poncaíocht = na poncanna éagsúla a úsáidtear sa scríbhneoireacht

Cuireadh an deireadh '**-aíocht**' leis na focail seo chomh maith chun focail nua a dhéanamh:

eol + -aíocht ➔ eolaíocht = staidéar agus tástáil a chuireann leis na rudaí is eol dúinn

roth + -aíocht ➔ rothaíocht = taisteal ar fheithicil a bhfuil troitheáin uirthi agus roth amháin nó níos mó fúithi

amhrán + -aíocht ➔ amhránaíocht = amhrán a bheith á rá



An féidir leat smaoineamh ar fhocail eile a bhfuil '**-aíocht**' iontu? Scríobh i do chóipleabhar iad agus cuir do liosta i gcomparáid le liosta do pháirtí.

2. Seo sliocht as an leabhar *An Teist*. Tá an phoncaíocht ar iarraidh. Léigh le do pháirtí é agus aimsígí na botúin phoncaíochta.

Faoin am ar shroich mé an baile tráthnóna bhí eachtraí an lae dearmadta agam Cén chaoi a raibh an teist litrithe inniu a dúirt Mam tar éis an tae Bhain a ceist geit asam Ó bhí sí um bhí sí maith go leor a dúirt mé féin Agus tháinig sé ar fad ar ais chugam Maith go leor a deir tú arsa Deaide De ghnáth deir tú go mbíonn sí uafásach Bhuel ... a dúirt mé agus mo cheann fúm Ní raibh a fhios agam céard a déarfainn leis Bhuel ní raibh sí chomh dona sin inniu a dúirt mé

3. Athscríobh an sliocht, agus an phoncaíocht cheart ann, i do chóipleabhar.




Fite Fuaite.indd 69 27/02/2014 15:32

# Forbairt Stór Focal

1. Seo abairtí as an leabhar *Ar Thóir an Toirc Bháin*. An féidir leat ciall na bhfocal sa chló trom a oibriú amach? Cuir ciorcal timpeall ar **a**, **b** nó **c** i ngach cás.

   1. As dorchadas na coille a tháinig sé, **ag gluaiseacht** go mall.
      a. ag ithe go mall
      b. ag bogadh go mall
      c. ag snámh go mall
   2. Bhí Cormac **bréan** de sméara dubha agus theastaigh athrú bia go géar uaidh.
      a. Bhí sé tinn tuirseach díobh.
      b. Bhí an-dúil aige iontu.
      c. Bhí sé ag fanacht go mbeidís aige.
   3. D'fhan an chuid eile de mhuintir an bhaile go foighneach **i bhfochair** an Draoi.
      a. D'fhan siad in éineacht leis an Draoi.
      b. D'fhan siad i bhfad ón Draoi.
      c. D'fhan siad i bhfolach ar an Draoi.




Bhí ☐/3 i gceart agam.

2. Cuir dhá cheann de na focail atá i gcló trom i dtasc 1 in abairtí.

___

___

___

___



Fite Fuaite.indd 70 27/02/2014 15:32

# Litriú

1. Cuir ciorcal thart ar an bhfocal atá litrithe i gceart.

| | | | |
|---|---|---|---|
| a. | seachtain | shachtain | seachtan |
| b. | d'éach | d'fhéach | d'fheách |
| c. | tránóna | trathnona | tráthnóna |
| d. | feastá | feásta | féasta |
| e. | thug | hug | tug |
| f. | an arraige | an fharraga | an fharraige |
| g. | taraing | tarraing | tarrang |
| h. | busana | busanna | bussana |
| i. | baileoidh | baileoí | baleoidh |
| j. | Tá an aimsir fuair. | Tá an aimsir fuar. | Tá an aimsir fuíar. |



Úsáid d'fhoclóir nó cuir ceist ar do mhúinteoir chun do fhreagraí a sheiceáil. Ansin scríobh in ord aibítre iad.

# Focail a bhfuil '**ún**' iontu

2. Tá an fhuaim '**ún**' sna focail seo. An féidir leat a oibriú amach cé na focail iad? Is gutaí iad na litreacha atá ar iarraidh.

m___th___n__s – le fáil ag peacach a adhmhaíonn a chuid peacaí

b__t__n – meancóg

r__n – rud nach ndeirtear le duine ar bith

c___n__s – mura mbíonn callán, trup nó tormán ann.

Anois aimsigh focail eile a bhfuil '**ún**' iontu agus scríobh anseo iad.



Fite Fuaite.indd 71 27/02/2014 15:32

# Siopadóireacht / Éadaí – An Bhainis

Focail agus nathanna a bhaineann leis an téama 'An Bhainis':

Focail agus nathanna a thaitníonn liom:

Focail agus nathanna a d'fhéadfainn a úsáid:

Fite Fuaite.indd 2 27/02/2014 15:31

An Gúm

ISBN 978-1-85791-726-0
9 781857 917260

Fite Fuaite.indd 74 27/02/2014 15:32